AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.5.2013
COM(2013) 277 final

2011/0260 (COD)

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun Airteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle**

**maidir leis an togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle maidir le roinnt tíortha a eisiamh ó liosta na réigiún nó na stát a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu**

2011/0260 (COD)

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun Airteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle**

**maidir leis an togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle maidir le roinnt tíortha a eisiamh ó liosta na réigiún nó na stát a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu**

## 1. RÉAMHRÁ

In Airteagal 294(7)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh foráiltear go bhfuil ar an gCoimisiún tuairim a thabhairt faoi na leasuithe arna moladh ag Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh. Tá a thuairim leagtha amach thíos ag an gCoimisiún faoi na leasuithe a mhol an Pharlaimint.

## 2. CÚLRA

Tar éis shíniú Chomhaontú Cotonou in 2000, comhaontú inar leagadh amach prionsabail agus forálacha maidir leis na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (EPAnna) le tíortha agus réigiúin na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) agus tar éis an phróisis chaibidlíochta a lean an Comhaontú sin, thug roinnt tíortha caibidlíochtaí i gcrích agus d’inisealaigh siad EPAnna eatramhacha ag deireadh na bliana 2007. Chun a áirithint nach gcuirfí isteach ar fhabhair thrádála, leagadh amach le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 (an “Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh”) na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm réamhtheachtach sealadach aontaobhach fabhar trádála ag an AE ón 1 Eanáir 2008 in oirchill dhaingniú na EPAnna.

Cé go bhfuil 19 dtír ACC tar éis na céimeanna riachtanacha a thabhairt ionsar dhaingniú a gcuid EPAnna, theip ar 17 dtír é sin a dhéanamh. I gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(3) den Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh, ní chomhlíonann na 17 dtír sin a thuilleadh coinníollacha an Rialacháin maidir le Rochtain ar an Margadh agus dá réir sin, níor chóir fabhair thrádála a choinneáil leo a thuilleadh.

## 3. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Beartaítear leis an togra ón gCoimisiún an liosta tíortha a bhaineann tairbhe as na fabhair (Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle) a leasú trí na tíortha sin nach bhfuil na bearta chun EPA a dhaingniú déanta acu go fóill a bhaint an 1 Eanáir 2014. Leis an togra sin beartaítear cóir chothrom a áirithiú i leith comhpháirtithe EPA atá ag comhlíonadh a n-oibleagáidí go hiomlán.

## 4. Tuairim ón gCoimisiún faoi na leasuithe atá molta ag Parlaimint na hEorpa

– An moilliú ar dháta an teachta i bhfeidhm

Ag an dara léamh, mhol Parlaimint na hEorpa moill deich mí, i.e. go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2014, a chur ar dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh. Measann an Coimisiún gur fearr a oireann an 1 Eanáir 2014, an dáta atá ina thogra bunaidh, mar go méadódh aon mhoill bhreise na rioscaí a ghabhann le síneadh a chur le socrú sealadach nach féidir dó bonn daingean dlí a sholáthar do rochtain thíortha ACC ar an margadh. Ina ainneoin sin, d'fhonn aontacht idirinstitiúideach agus tromlach leathan a áirithiú i nglacadh an togra leasaithe, tá an leasú inghlactha ag an gCoimisiún.

– An leasú chun teorainn a chur le Tarmligean na gCumhachtaí

Baineann an dara leasú ó Pharlaimint na hEorpa le teorainn ama a chur le tarmligean na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún. Cé nár mhol an Coimisiún aon teorainn ama i dtús báire, mhol Parlaimint na hEorpa tabhairt na gcumhachtaí a theorannú go tréimhse cúig bliana ach athnuachan na gcumhachtaí sin a bheith intuigthe. Cé nach é sin an cur chuige ba rogha leis an gCoimisiún, ní chruthaíonn sé aon deacracht ar leith sa chás áirithe seo agus dá bhrí sin tá sé inghlactha ag an gCoimisiún.

## 5. Conclúid

De bhun Airteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanann an Coimisiún a thogra a leasú mar a leagtar amach thuas.